Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

13058/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0066(COD)

CODEC 1649
CODIF 26
VISA 267

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 14 Márta 2018, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar phointe a) de mhír 2 d'Airteagal 77 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 2 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 7212/18.
[2] 12688/18.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a leagtar amach in PE-CONS 50/18 a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.